


# Tuarascáil Bhliantúil 2006

Irish Blood Transfusion Service

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann




## Ráiteas bunchuspóra

Tá SFAÉ tiomanta don sármhaitheas ina freastal ar riachtanais othar, trí ghairmiúlacht na foirne agus fhlaithiúlacht ár ndeontóirí.

# Clár


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht ón gCathaoirleach | **03** |
| Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh | **05** |
| Tuarascáil an Stiúrthóra Náisiúnta Míochaine | **09** |
| Oibriú chun dílseacht deontóirí a mhéadú | **12** |
| Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin | **15** |
| Daoine a fhorbairt do sheirbhís na todhchaí | **20** |
| Dearbhú Cáilíochta | **23** |
| Torthaí a fheabhsú d'othair | **26** |
| Ár rathúlacht a thomhas | **31** |
| An teachtaireacht a sheachadadh | **34** |
| An cleachtas is fearr a fhorfheidhmiú i mbainistiú dramhaíle | **36** |
| Airgeadas | **37** |
| Rialachas Corparáideach | **39** |
| Sonraí Teagmhála | **42** |



Sábhálann deontóirí beathaí. Tá an bronntanas deonach bunúsach dúinn agus ní cóir talamh slán a dhéanamh de.

# Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Tá sé mar phríomhchuspóir ag SFAÉ, agus beidh i gcónaí, leorchainníochtaí sábháilte de chomhpháirteanna fola, atá ar chaighdeán domhanda, a sholáthar dár n-ospidéil.

Tá céadtábhacht le saincheist na sábháilteachta. Baintear úsáid as gach dul chun cinn i dteicnící scagtha agus tástála. Ach, cuireann dianfheidhmiú na mbeart sábháilteachta brú leanúnach ar sholáthairtí deontóra.

Sábhálann deontóirí beathaí. Tá an bronntanas deonach bunúsach dúinn agus ní cóir talamh slán a dhéanamh de. Níl ach 4% den daonra ina ndeontóirí rialta agus is gá an bonn seo a leathnú chun leorsholáthairtí a chinntiú. Tá rún daingean ag an mBord feasacht an phobail a mhéadú. Is cine fhlaithiúil iad na hÉireannaigh agus níl amhras orm ach go dtabharfaidh siad freagra dearfach dúinn.


Aithnítear go bhfuil flaithiúlacht uathúil ag baint lenár ndeontóirí agus táimid an-bhuíoch díobh dá bharr.

Tá sé mar thosaíocht fós ag an mBord ionad nua a fhorbairt i gCorcaigh. D'iarr an tAire Sláinte & Leanaí togra nuashonraithe orainn a chuirfidh san áireamh Treoirlínte na Roinne Airgeadais maidir le Breithmheas agus Bainistiú Tograí Caiteachais Caipitiúla san Earnáil Phoiblí. Cuireadh an tuarascáil seo ar fáil i Nollaig 2006.

Tá sé mar phríomhchuspóir ag SFAÉ leorchainníochtaí comhpháirteanna fola d'ardchaighdeán a sholáthar dár n-ospidéil. Baineadh an cuspóir seo amach i 2006. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann agus do bhainistíocht SFAÉ as a dtiomantas agus as na hiarrachtaí a rinne siad i rith na bliana chun an tseirbhís thábhachtach náisiúnta seo a sheachadadh.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do chion tairbhe chomhaltaí an Bhoird, go háirithe iadsan a d'fhág an Bord i rith na bliana, Mr. Tony McNamara, an Dr. Liz Keane, an Dr. Mary Horgan agus an Dr. Melanie Cotter. Cuirim fáilte chuig an mBord roimh cheathrar chomhalta nua, an Dr. Rob Landers, an Dr. Margaret Murray, Ms. Margaret Mullet agus Mr. Gerry O'Dwyer. Táim ag súil le bheith ag obair in éineacht leo.

**Maura J McGrath**
Cathaoirleach



Tá na hathruithe i SFAÉ agus san fhuilaistriúchán i gcoitinne ag dul ar aghaidh gan stad.
Tá caoi mhaith ar SFAÉ chun plé le dúshláin maidir le sábháilteacht na dtáirgí agus sársheirbhís a sholáthar d'othair agus dár ndeontóirí.

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

## An Tóir ar Shármhaitheas – cuspóirí straitéiseacha a aimsíodh sa bhliain

Is mór an t-ábhar áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a sholáthar do 2006. Tá sé ar intinn agam plé leis an tuarascáil faoi na ceithre cholún de Phlean Straitéiseach SFAÉ 2005-2009.

Colún 1 – Oiriúnú an chomhshaol gnó atá ag athrú

Colún 2 – Cáilíocht

Colún 3 – Teicneolaíocht & Taighde

Colún 4 – Forbairt Eagraíochta

### COLÚN 1 – OIRIÚNÚ AN CHOMHSHAOL GNÓ ATÁ AG ATHRÚ

Bíonn SFAÉ ag plé i gcónaí le comhshaol atá ag athrú i dtéarmaí ionchas na ndeontóirí agus sheachadadh na seirbhísí.

Is dúshlán suntasach leanúnach do SFAÉ é deontóirí a earcú agus a choinneáil. Le linn 2006 rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas deonacháin, d'fhonn turas na ndeontóirí a fheabhsú agus sásamh oibre a mhéadú don fhoireann a mbíonn an tseirbhís sin á soláthar acu. D'úsáideamar teicnící Lean chun sreabhadh reatha an phróisis don deontóir a rianú agus chun an cur chuige feasta a shainmhíniú agus oibríocht níos sruthlíní a bhaint amach.

De thoradh leasuithe sa tseirbhís sláinte, bhí caidreamh oibríochta ag SFAÉ le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte trí Oifig na nOspidéal Náisiúnta. Le linn na bliana chasamar ar Phríomh-Fheidhmeannach FSS, Stiúrthóir agus Stiúrthóir Cúnta Oifig na nOspidéal Náisiúnta agus leis an Stiúrthóir Airgeadais chun tuairisc a thabhairt dóibh faoi fhorbairtí san SFAÉ agus faoin dóigh ina bhféadfaimis araon leas a bhaint as gníomhaíochtaí a chéile trí chomhoibriú agus, go háirithe, trí úsáid optamach a bhaint as an soláthar fola. Chuir SFAÉ togra faoina mbráid maidir le Coiste Náisiúnta Fuilaistriúcháin, agus tá seo á phlé anois.

Faighimid ár maoiniú ón Roinn Sláinte agus Leanaí, ach ó cuireadh an buiséad do chúram sláinte faoi cheannas Phríomhfheidhmeannach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, beidh an mheicníocht maoinithe níos casta sna blianta atá romhainn.

### COLÚN 2 – CÁILÍOCHT

I 2006 tionscnaíodh Treoir an AE maidir le Fíochán, a bhfuil tionchar suntasach aici ar an SFAÉ, cé go bhfuil teorainn leis na gníomhaíochtaí fíocháin a bhíonn idir lámha againn. Ina theanntasan, fuaireamar ceadúnas mar bhunaíocht fola ón rialtóir agus táimid ag plé leis an rialtóir faoin dóigh ina bhfeidhmeofar haemafhaireachas faoi théarmaí na treorach maidir le hinrianaitheacht.

Tá tús curtha againn le creidiúnú chun ISO 15189 le haghaidh saotharlann diagnóiseach, agus tá sé ar intinn againn, freisin, an caighdeán seo le haghaidh saothlanna tástála a bhaint amach in am cuí. An tiomántóir mór atá againn ná córas náisiúnta um bainistiú cáilíochta a bhaint amach, leis an difríocht is lú is féidir idir dhá shuíomh mhóra. Tá meitricí tomhais á bhforbairt de réir a chéile ag an bhfeidhm um dhearbhú cáilíochta agus comhaill chun cáilíocht a thomhas san eagraíocht, lasmuigh d'iniúchtaí seachtracha an rialtóra. Rinne an rialtóir ceithre iniúchadh le linn

2006 agus tá staid mhaith comhaill againn le GMP.

## COLÚN 3 – TEICNEOLAÍOCHT & TAIGHDE

Bliain iontach gnóthach ab ea 2006, le tiomantais teicneolaíochta agus taighde againn thar raon leathan gníomhaíochtaí.

I dtaca le taighde de, tá roinnt airgead curtha i leataoibh ag an mBord ar bhonn bliantúil chun clár taighde agus forbartha a fhorbairt laistigh de SFAÉ. Clár úrnua é seo agus glacfaidh sé roinnt blianta chun é a aibiú. Faoin Stiúrthóir Míochaine Náisiúnta, an Dr. Willie Murphy, bhí an clár ag plé go háirithe le gníomhaíochtaí forbartha a bhaineann le déantús róbaitice agus le trialacha cliniciúla ar scagairí prióin le haghaidh táirgiú pláitíní, agus measúnú an ATRIUS ó thaobh déanaimh chomhpháirteanna de.

Rinneadh an ORBISAC a mheas agus bhí sé ag feidhmiú faoi dheireadh 2006, agus pláitíní sárcháilíochta de chaighdeán comhsheasmhach á dtáirgeadh aige. Meastar go mbeidh sé i mbun lántáirgíochta faoi Iúil 2007 agus pláitíní comhthiomsaithe 7 lá uaidh go luath ina dhiaidh sin. Scrúdaigh agus d'fheidhmigh SFAÉ anailís costais is tairbhe ar mheasúnú an ATRIUS, ach beartaíodh gan dul níos faide leis ag an bpointe seo. Rinneamar trialacha cliniciúla, freisin, ag baint úsáid as Scagaire PALL, ach cuireadh deireadh leis na trialacha cliniciúla seo tar éis dúinn eolas breise a fháil ón soláthróir.

Tá sé mar pholasaí ráite anois ag SFAÉ tosú ag déanamh tástáil NAT ar dheontóirí aonair chomh luath agus a bheidh córas ann a sholáthróidh an speiceasacht agus íogaireacht ábhartha ach go háirithe i gcás Heipitíteas B. Ghabhamar de láimh próiseas leathan measúnaithe ar an TIGRIS. Tharla go raibh an-rath air agus tá obair fíor-mhaith curtha i gcrích ag an bhfoireann sa tsaotharlann NAT faoin Dr. Joan O'Riordan. Le linn 2007 beidh sé riachtanach tairiscintí a fháil don teicneolaíocht a thacaíonn le polasaí ráite SFAÉ sa réimse seo.

Tá méadú bliantúil tugtha faoi deara ag SFAÉ ar úsáid pláitíní in ospidéil na hÉireann agus, chun freastal ar an éileamh leanúnach agus chun an polasaí i dtaobh 100% pláitíní trí aifiréis a chomhlíonadh, d'fhorbraíomar comhpháirtíocht le Cumann Ailse na hÉireann chun líon na ndeontóirí agus táirgeadh pláitíní trí aifiréis a mhéadú. D'éirigh thar barr leis an gcomhpháirtíocht seo agus meastar go gcuirfidh sé 2000 deontóir bhreise ar fáil sna trí bliana atá romhainn.

Bhí fadhb le forfheidhmiú eProgesa. Cuireadh moill ar an tionscadal ar roinnt ócáidí agus bhí amhras ann an leanfaí leis ag deireadh na bliana. Munar féidir aontú ar dháta túsfheidhme deifnídeach go luath i 2007, beidh gá cinneadh a dhéanamh an cóir an tionscadal a scor.

## COLÚN 4 – FORBAIRT EAGRAÍOCHTA

Is ar an bhfoireann amháin a bhraitheann SFAÉ chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár ndeontóirí agus d'othair. Tosaíonn seo ag céim na hearcaíochta agus leanann sé trí shaolré na heagraíochta, le hoiliúint agus forbairt chuí do gach grád agus ar gach leibhéal. Tosaíodh roinnt tionscnamh le linn 2006 chun timpeallacht na foirne a fheabhsú agus seirbhís níos fearr a chur ar fáil dár ndeontóirí agus othair.

Cuimsíonn na tionscnaimh seo struchtúir bhainistíochta leasaithe agus eagrú na hoibre. Chuaigh Deloitte i mbun oibre, ag athbhreithniú na struchtúir bhainistíochta, go háirithe i bhfianaise Thuarascáil Kubanck agus an ghá atá le heagraíocht chomhtháite Náisiúnta. Dréachtaíodh an struchtúr beartaithe i 2006, agus forfheidhmeofar é le linn 2007.

Tá Córas um Bainistiú Feidhmíochta á fhorfheidhmiú ag na Seirbhísí Sláinte agus tús curtha ag SFAÉ le cláir phíolótacha sa réimse seo. Seo ceann de na réimsí a d'aibhsigh an fhoireann le linn an tsuirbhé aeráide, agus cuirfidh sé feabhas mór ar chumarsáid laistigh den eagraíocht agus ar cheapadh spriocanna, le haiseolas cuí.

**CLÁIR ATHRÚCHÁIN** – tá roinnt clár suntasach athrúcháin sa siúl laistigh den eagraíocht. Beidh athruithe i gceist don fhoireann i roinnt réimsí a fheabhsóidh seachadadh seirbhísí agus freagrúlacht na heagraíochta dár gcustaiméirí,


ag tabhairt sásamh oibre breise don fhoireann trí chomhshaol oibre níos fearr a chothú agus saineolais agus scileanna a mhéadú. Beidh gá le hinfheistíocht mhór in oiliúint agus i bhforbairt ar fud na heagraíochta, lena chinntiú go mbeidh toradh ar na cláir athrúcháin seo agus go n-aimseoidh siad a gcuspóirí ráite.

**COMHPHÁIRTÍOCHT** – tháinig forbairt bhreise san SFAÉ ar ghrúpa gníomhach comhpháirtíochta le linn 2006. Seo an bealach inmhianaithe le hathruithe a sheachadadh, agus chothaigh SFAÉ an fóram seo ar bhonn gníomhach mar fheithicil a bhainfidh athruithe amach ar fud rannóga uile na heagraíochta.

**LUACHANNA** – le linn 2006 reáchtáladh roinnt ceardlann a raibh bainisteoirí sinsearacha agus Grúpa Stiúrtha na Comhpháirtíochta páirteach iontu, chun sraith luachanna le haghaidh SFAÉ a scrúdú agus a fhorbairt. Tá fíorghá ann go mbeadh luachanna mar bhuntaca le fís agus le bunchuspóir na heagraíochta, óir léiríonn siad bunaidhmeanna na heagraíochta agus an dóigh ina bhfuil sé ar intinn aici a gnó a dhéanamh ó lá go lá. Faoi dheireadh na bliana bhí an-obair déanta chun comhaontú a fháil ar shé luach, mar atá (i) Sármhaitheas Seirbhíse, (ii) Meas, (iii) Ionraiceas, (iv) Cur le chéile, (v) Foghlaim agus (vi) Cuntasacht. An chéad chéim forbartha eile ná sraith táscairí iompraíochta a shainmhíniú agus a aontú mar bhuntaca do na luachanna seo, agus plé a dhéanamh leis an bhfoireann ansin chun na luachanna seo a neadú san eagraíocht. Beidh seo ina chuid riachtanach d'athrú chultúr SFAÉ agus d'fheabhsú chomhshaol na foirne, chun go n-aithneofar éagsúlacht agus malartú tuairimí mar chomhchodanna riachtanacha den obair ó lá go lá.

Tá na hathruithe i SFAÉ agus san fhuilaistriúchán i gcoitinne ag dul ar aghaidh gan stad. Tá caoi mhaith ar SFAÉ chun plé le dúshláin maidir le sábháilteacht na dtáirgí agus sársheirbhís a sholáthar d'othair agus dár ndeontóirí. Aimsíodh an méid sin trí thiomantas agus diongbháilteacht fhoireann uile na heagraíochta. Molaim iad as a n-iarrachtaí uile agus táim ag súil a bheith ag obair in éineacht leo chun dul chun cinn breise a dhéanamh agus SFAÉ a fhorbairt mar sheirbhís fuilaistriúcháin de chaighdeán domhanda.

**Andrew Kelly**
Príomhfheidhmeannach



Is cuid an-riachtanach den chúram sláinte i gcónaí an fuilaistriúchán, agus is amhlaidh fós go mbraitheann an chóireáil rí-thábhachtach seo do na deicheanna míle duine in Éirinn gach bliain, ar dhea-thoil agus altrúchas gnáthfhear agus gnáthbhan, i leith daoine nach eol dóibh agus nach mbuailfidh siad leo riamh.

# Tuarascáil ón Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine

## Comhroinnt eolais agus saineolais ar fud an domhain – ceannródaí domhanda den chleachtas is fearr

Leanadh den bhrú daingean chun sábháilteacht, éifeachtúlacht agus soláthar an fhuilaistriúcháin a mhéadú le linn 2006. Beidh an brú seo ar an tréith is tábhachtaí de chomhshaol oibríochta an fhuilaistriúcháin san Eoraip sna blianta atá romhainn.

Le blianta beaga anuas, d'éirigh sé soiléir go bhfuil baol dosheachanta ag baint leis an gcleachtas maidir le fuil a ghlacadh gach bliain ó thart ar 75 milliún duine ar fud an domhain a bhfuil cuma na sláinte orthu, agus í a aistriú ansin chuig na deicheanna milliún duine atá breoite. Is é sin le rá, gur féidir aon ionfhabhtaíocht nua a thagann chun cinn i ndaoine a scaipeadh trí fhuilaistriúchán, sula dtuigtear nó a gcuirtear eolas ar fhíor-nádúr an ghalair nó fiú gurb ann dó. Tá seo amhlaidh ach go háirithe i gcás galair a bhfuil tréimhsí fada goir acu, agus cosúlacht ann go bhfuil an deontóir fola ar fónamh. Tharla seo i gcás VEID agus Heipitíteas C; d'fhéadfadh gur tharla sé cheana i gcás GCJ malartach, agus go dtarlóidh athuair. Chun aghaidh a thabhairt air seo, tá roinnt straitéisí de dhíth – faireachas gníomhach agus luathrabhadh i gcás aon ghalair nua a éireoidh nó aon toradh dochrach eile a bhíonn ar aistriúchán, glacadh go luath le teicnící chun modhanna tarchuir ionfhabhtaíochta a aithint nó a eisiamh, dianrialú cáilíochta, agus dea-chleachtas cliniciúil san fhuilaistriúchán.

Is buanghníomhaíocht dhomhanda é an faireachas, a éilíonn naisc ghníomhacha le comhlachtaí sláinte poiblí agus le seirbhísí fola ar fud an domhain. Coinníonn SFAÉ na naisc seo beo ar bhealaí éagsúla, le hionadaíocht ar choistí gairmiúla agus ar ghrúpaí oibre sa RA, san Eoraip agus i SAM, agus le hathbhreithnithe rialta foirmeálta ar an staid dhomhanda. Tugann oscailt an Lárionaid Eorpach um Rialú Galair i Stócólm i 2006 uirlis bhreise dúinn don ghníomhaíocht rí-thábhachtach seo, agus tá tadhall foirmeálta á fhorbairt faoi láthair idir seirbhísí fola na hEorpa agus an Lárionad.

I measc na n-ionfhabhtaíochtaí atá á nochtadh ar fud an domhain, bhí roinnt acu a chothaigh imní i 2006. D'éiligh bagairt an fhiú phaindéimigh aird speisialta agus pleanáil, lena n-áirítear stoc-charnadh na ndrugaí frith-víreasacha. Tharlódh sé go laghdódh paindéimeach cuid den ghá a bheadh le fuilaistriúcháin in othair mháinliachta, nó bheadh ar ospidéil moill a chur ar ráta na n-obráidí neamhphráinneacha, ach téann bunús na bhfuilaistriúchán chuig íospartaigh tráma agus chuig othair a bhfuil fuil de dhíth orthu toisc aimhréidh mhíochaine nó eile. Bheadh sé riachtanach, mar sin, bailiú, tástáil agus próiseáil deonacháin fhola a choinneáil sa siúl le linn eipidéim fliú. Chothaigh víreas Fhiabhras Fuilreatha na Crimé-an Chongó, dian-ráig sa Tuirc Thoir le linn 2006, agus dá thoradhsan chuireamar bac ar dhaoine a thaistil ann fuil a bhronnadh ar feadh tréimhse tar éis a gcuairteanna thall. Chuirtear cosc freisin ar dheonacháin fola ó dhaoine a mbíonn teagmháil fhairsing acu le príomhaigh neamhdhaonna. Tá sé éirithe soiléir go n-ionfhabhtaíonn víreas ar a dtugtar an víreas Simian Foamy roinnt daoine a

mbíonn teagmháil fhairsing acu le moncaithe. Cé nach ábhar galair shoiléir ar bith é, léiríonn sé arís gur féidir le víris trasnú go measartha éasca chuig daoine daonna ó phríomhaigh neamhdhaonna, agus rinneamar réamhchúram de bac a chur ar bhealach féideartha tarchuir galair. D'éiligh an víreas Dengue i Meiriceá Theas agus san Áise Thoir Theas, Trypanosomiasis i Meiriceá Theas, agus Chikungunya san Aigéin Indiach, ardfhaireachas i 2006.


Ba é vGCJ a bhí mar phríomhchúram againn i gcónaí, áfach, agus é sin géaraithe ag staidéar a foilsíodh sa British Medical Journal i mBealtaine 2006, a thug le fios go bhféadfadh an líon daoine sa RA, ar chuma ar bith, a fhéadfadh an galar a tharchur, a bheith níos mó ná a mheastar de ghnáth, agus go bhféadfadh tréimhse ghoir an ghalair i ndaoine áirithe a bheith 30 bliain nó níos mó. Chuir seo béim ar an ngá a bhí ann cuardach leanúnach a dhéanamh chun teacht ar straitéisí agus teicnící a laghdódh an baol go dtarchuirfí galar trí fhuilaistriúchán.

Thionscain SFAÉ triail chliniciúil ar scagaire nua ag deireadh 2005, a ceapadh chun prióin ionfhabhtacha, gníomhaire a tharchuireann vGCJ, a bhaint as fuilaistriúcháin. Bhí an triail seo, a rinneadh i gcomhar leis an Roinn Haemaiteolaíochta in Ospidéal Choláiste Ollscoile na Gaillimhe, ar an gcéad triail dá shórt ar domhan. Ar an drochuair, léiríodh i staidéir saotharlainne chomhthreormhara a rinne déantóirí na scagairí, nach raibh ag an scagaire deiridh a dearadh an cumas chun prióin a bhaint a bhí sna céad fhréamhshamhla, agus scoradh an triail, mar sin, go luath i 2006. Ach bhí an taithí a fuarthas leis an gcineál nua gairis seo fíorluachmhar, agus cuirfidh sé ar ár gcumas freagairt ar bhealach níos gaiste feasta, de réir mar a bheidh scagairí nua ar fáil. Fad atá an tuarascáil seo á cur i gcló, tá an dara triail á déanamh ar aistriúcháin dheargcheall a cóireáladh le scagaire nua chun prióin a bhaint, á thionscnamh ag Ospidéal Ollscoil Chorcaí.

Le linn 2006, lean SFAÉ ag forbairt agus ag tionscnamh teicnící chun cur lenár gcumas ionfhabhtaíochtaí i bhfuilaistriúcháin a dhíothú, idir cinn a bhfuil eolas againn orthu agus cinn nach bhfuil. Rinneadh fíorú agus measúnú leathan i SFAÉ i 2006 agus arís i 2007, ar theicníc uathoibrithe le haghaidh tástáil aigéid núicléigh an deontóra aonair – an cur chuige is íogaire dá bhfuil ann chun víris a bhrath i bhfuil deontóirí. Cé gurb í an teicneolaíocht seo an modh is íogaire atá ann chun VEID, víreas Heipitíteas C agus Heipitíteas B a bhrath i ndeontóirí fola, tá de bhuntáiste breise aici, gur féidir í a oiriúnú go héasca chun ionfhabhtaíochtaí nua a bhrath sa todhchaí, agus í chun tosaigh go mór ar na sean-teicneolaíochtaí atá bunaithe ar antashubstaintí.

Is cuid an-riachtanach den chúram sláinte nua-aimseartha i gcónaí an fuilaistriúchán, agus is amhlaidh fós go mbraitheann an chóireáil rí-thábhachtach seo, do na deicheanna míle duine in Éirinn gach bliain, ar dhea-thoil agus altrúchas gnáthfhear agus gnáthbhan, i leith daoine nach eol dóibh agus nach mbuailfidh siad leo riamh. Agus an teicneolaíocht atá thart air ag éirí níos casta fós, fanann an fhíric aisteach seo go buan ag croí na ceiste – casann na mílte duine in Éirinn a muinchillí in airde gach seachtain, i dtiomantas ábhalmhór dá gcomhdhaoine, gan trácht ar luach saothair ar bith ach an mothú éiginnte gan mhíniú go bhfuil maitheas á dhéanamh acu. Gan sin, agus d'ainneoin na n-acmhainní uile a chaitear á sholáthar, ní fhéadfaimis cúram sláinte, mar is eol dúinn é, a thabhairt.

**An Dr William Murphy**
Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine
MD, FRCPEdin, FRCPath



Thar ceann na n-othar ar bhisigh a saoil de bharr an bhronntanais seo, ba mhaith le SFAÉ buíochas a ghabháil le gach deontóir a ghlac am agus a chuir de dhua air/uirthi féin freastal ar cheann dár gclinicí i 2006. Tá súil againn go bhfeicfimid sibh arís go luath.

# Oibriú chun dílseacht deontóirí a mhéadú

Is í Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann an comhlacht san earnáil phoiblí atá freagrach as fuil agus táirgí fola a bhailiú, a phróiseáil, a thástáil agus a dháileadh in Éirinn. Tá SFAÉ spleách go hiomlán ar fhlaithiúlacht na ndeontóirí chun an cuspóir seo a bhaint amach. I 2006 d'fhreastail 95,168 deontóir agus bailíodh 151,728 deonachán. Bailítear na deonacháin seo ag clinicí ar fud na tíre, próiseáiltear agus tástáiltear iad i mBaile Átha Cliath nó i gCorcaigh agus dáiltear iad ó Bhaile Átha Cliath agus Chorcaigh ar 67 ospidéal, ar feadh 24 uaire an lae, 365 lá den bhliain.

Thar ceann na n-othar ar bhisigh a saoil de bharr an bhronntanais seo, ba mhaith le SFAÉ buíochas a ghabháil le gach deontóir a ghlac am agus a chuir de dhua air/uirthi fein freastal ar cheann dár gclinicí i 2006. Tá súil againn go bhfeicfimid sibh arís go luath.

Ní mór do SFAÉ 3,000 deonachán fola a bhailiú sa tseachtain, gach seachtain. Tá an dualgas ar an Roinn Seirbhísí Deontóra a chinntiú go bhfreastalóidh leorlíon deontóirí ar chlinicí chun an líon sin deonachán a bhailiú. Reáchtálann foirne bailiúcháin réigiúnacha, lonnaithe i mBaile Átha Fhirdhia, Ceatharlach, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Luimneach agus Tuaim, maraon le clinicí deonacháin seasta in Ospidéal Nmh. Fionnbarra Coraigh, Sráid D'Olier agus Steach Lorgan i mBaile Átha Cliath, clinicí ar fud na tíre chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Tacaíonn an fhoireann mhargaíochta leis an obair seo trí eolas a scaipeadh faoin tábhacht a bhaineann le fuil a thabhairt go rialta. Le linn na bliana thug siad an-chuid léirithe feasachta do scoileanna agus d'eagraíochtaí, agus ghlac siad pairt i gcothuithe sna coláistí, in ionaid siopadóireachta, ag Taispeántas na Saineolaithe Óga agus ag Craobhchluichí Treafa Náisiúnta.

Soláthraíonn an clár farrantóireachta, atá á bhainistiú freisin ag Seirbhísí Deontóra, deis do chomhlachtaí an bronnadh fola a bheith mar chuid dá ngealltanais i leith dualgais shóisialta chorparáidigh, trí rogha a thabhairt don fhoireann mar ghrúpa fuil a bhronnadh le linn am oibre. I 2006, bhí méadú 23% ar an líon daoine a d'fhreastail ar chlinicí Shráid D'Olier agus Stigh Lorgan tríd an gclár farrantóireachta.

Ar Lá Domhanda an Deontóra Fola, an 14ú Meitheamh, seoladh Feachtas Samhraidh SFAÉ, 'Tabhair sula bhfágann tú'. Go traidisiúnta, is tráth deacair le haghaidh deonacháin fola é an Samhradh. Bíonn drochthionchar ag tráthnóntaí fada agus aimsir the ar dheonacháin fola. Ba chabhair é an feachtas lena chinntiú go leanfadh an soláthar fola thar mhíosa an tsamhraidh.

Reáchtáladh Seachtain na Fola Saoil ón 10ú go 16ú Meán Fómhair agus bhuail Buddy Blood Drop isteach chuig an Aerchór i mBaile Dhónaill chun an feachtas bliantúil a lainseáil.

Is é cuspóir Sheachtain na Fola Saoil, feasacht an phobail faoi bhronnadh fola a mhéadú, daoine a mhisniú le bheith ina ndeontóirí rialta, agus buíochas a ghabháil le deontóirí as a dtiomantas agus a dtacaíocht.

Ba iad Today FM, Vodafone agus TV3 a bhí mar chomhpháirtithe ag SFAÉ do Sheachtain na Fola Saoil.

## PACAÍ FÁILTE DO DHEONTÓIRÍ NUA

D'fhreastail 23,260 deontóir in iomlán ar chlinicí deonachán fola SFAÉ don chéad uair i 2006.

Is príomhchuspóir de chuid na Seirbhísí Deontóra é, a chinntiú go bhfillfidh na deontóirí seo le fuil a thabhairt athuair agus go rialta ina dhiaidh sin, fad atá siad cáilithe le fuil a thabhairt.

Chun na críche seo forbraíodh paca fáilte chun aitheantas a thabhairt d'iarracht na ndeontóirí a d'fhreastail ar chlinicí agus eolas a thabhairt dóibh, cibé an dtugann siad fuil nó nach dtugann, faoin ngá atá le deontóirí fola, le fuil agus le comhpháirteanna fola chun freastal ar éileamh na n-ospidéil atá ag cóireáil othar.

Ó Aibreán 2006, eisíodh 14,651 paca fáilte in iomlán do dheontóirí nua. Déanfar amhlaidh arís ar bhonn míosúil. Is uirlis luachmhar é an tionscnamh nua seo chun deontóirí breise a earcú agus a choinneáil.

Ba í 38 bliana meánaois na ndeontóirí a thug fuil i 2006, agus bhí 43,678 nó 46% de na deontóirí idir 18 agus 35 bliana d'aois.



Nuair a thugann duine fuil, bailítear roinnt mionsamplaí fola le haghaidh tástála. Próiseáiltear an deonachán fola féin (470 ml) sa tsaotharlainn chomhpháirteanna agus ullmhaítear cealla dearga, pláitíní agus plasma le haghaidh úsáid teiripeach.

# Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin

## Forbairtí bailiúcháin, próiseála agus tástála

Is é an bundúshlán atá roimh sheirbhís fuilaistriúcháin ar bith ná conas leorsholáthar fola agus comhpháirteanna fola a choinneáil le haghaidh riachtanais othar, agus iad a bheith chomh sábháilte agus is féidir.

Is é coinneáil leorsholáthair an chéad dhúshlán, agus tá athbhreithniú ar an bpróiseas deonacháin tionscanta ag SFAÉ chun plé le roinnt constaicí a bheadh ina n-ábhar moille i gclinicí. Bíonn níos lú ama ag daoine sa lá inniu agus tá aghaidh á thabhairt ag SFAÉ ar an dúshlán seo trí athbhreithniú mór a dhéanamh ar an bpróiseas deonacháin, d'fhonn ócáid deonacháin níos sruthlíní a sholáthar do dheontóirí.

Bíonn saolré teoranta ag fuil lasmuigh den chorp, agus mar sin de, tá sé tábhachtach go mbeadh sí ar fáil le haghaidh aistriúcháin in ospidéil a luaithe is féidir tar éis a bailithe. Cinntíonn na gnáthaimh a fheidhmíonn SFAÉ gur féidir deonacháin a eisiúint d'ospidéil laistigh de 48 uaire an chloig tar éis a mbailithe.

Stóráiltear cealla dearga ag 4°C agus bíonn saolré 35 lá acu. Stóráiltear pláitíní ag 22°C agus bíonn saolré 5 lá go díreach acu, nó 7 lá nuair a bhailítear trí aifirís iad agus go ndéantar tástáil baictéireolaíochta orthu.

Nuair a thugann duine fuil, bailítear roinnt mionsamplaí fola le haghaidh tástála. Próiseáiltear an deonachán fola féin (470 ml) sa tsaotharlainn chomhpháirteanna agus ullmhaítear cealla dearga, pláitíní agus plasma le haghaidh úsáid theiripeach.

Déantar tástáil agus próiseáil ag an LNF i mBaile Átha Cliath agus ag IARM i gCorcaigh. Déantar tástáil NAT ag an LNF amháin.

### GRÚPÁIL DEONTÓIRÍ UATHOIBRITHE

Rinne na saotharlanna do Ghrúpáil Deontóirí Uathoibrithe níos mó ná 2 milliún tástáil ar leith, lena áirítear grúpáil ABO, feinitíopáil Rhesus agus scagadh/sainaithint antashubstaintí.

Tá na saotharlanna ADG ag síormheasúnú na gcineálacha nua tástála agus teicníce atá in úsáid, d'fhonn coinneáil ar aonchéim le cleachtais thástála idirnáisiúnta. Chomh maith le húsáid an ghléas uathGhrúpála Olympus 7200, lamháil tionscnamh an Quasar IV ardscagadh aintigine, imscrúdú antashubstaintí agus toirtmheascadh antaigine. Ina theanntasan, cuireann an gléas seo ar chumas na roinne scagadh a dhéanamh le haghaidh haemaglóibin S, an cineál haemaglóibin a bhaineann leis an ngalar Corráncheallach. Trí dheonacháin roghnaithe a scagadh do na tréithe seo, feabhsófar arís sábháilteacht na fola agus na gcomhpháirteanna fola a eisíonn SFAÉ.

### VÍREOLAÍOCHT

Faigheann na saotharlanna víreolaíochta sampla téachta ó gach deontóir, a ghlactar am an deonacháin. Sainaithnítear an sampla le barrachód uathúil ag am an deonacháin. Tástáiltear an sampla le haghaidh láithreacht sainmharcóirí víreasacha atá in-tarchurtha trí fhuilaistriúchán.

Úsáidtear trealamh atá ag teacht leis an cGMP (dea-chleachtas déantúsaíochta) chun na tástálacha seo a dhéanamh. Nuair a chríochnaítear gach

tástáil agus má bhíonn torthaí sásúla orthu, pasáiltear an t-aonad agus cuirtear lipéad air lena eisiúint. Cinntítear cáilíocht an chórais tástála trí leas a bhaint as caighdeáin a leagann an "Foras Náisiúnta um Chaighdeáin & Rialuithe Bitheolaíochta" síos mar rialuithe "déan/ná déan" ar gach sraith tástála.

Cinntíonn seo go bhfeidhmíonn trealamh ar an gcaighdeán is airde. Glacann an tsaotharlann páirt i gclár monatóireachta a ligeann do SFAÉ na torthaí a chur i gcomparáid le cuid Lárionaid Fola na RA.

Glacann an tsaotharlann páirt, freisin, i gclár faireachais a reáchtálann an tSeirbhís Náisiúnta Fola/an Ghníomhaireacht Cosanta Sláinte. Déantar monatóireacht ar rátaí imoibrithe na dtrealamh tástála agus ar thorthaí dearfacha, ag baint úsáid as na beartuimhreacha éagsúla ag imoibrithe an Údaráis Náisiúnta Fola. Gintear tuairisc fógartha a thugann mionsonraí faoin bhfeidhmíocht measúnachta agus faoi threochtaí sna rátaí imoibrithe.

Déantar na tástálacha séireolaíochta seo a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta agus tá siad éigeantach i gcás gach deonacháin:

- Heipitíteas B, lena n-áirítear Antaigin dromchlach Heipitíteas B agus croí-Antashubstaintí B
- Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna
- Víreas Heipitíteas C
- Víreas Limfeatrópach T Daonna
- Sifilis

Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeagalóivíreas chun go mbeidh soláthar de dheonacháin dhiúltacha Cítimeagalóivíris ar fáil do na hothair a bhfuil sé de dhíth orthu. Stóráiltear sampla de shírim reoite, freisin, as gach deonachán.

Chomh maith le gnáthshamplaí deontóra a thástáil, tástálann an tsaotharlann samplaí ó dheontóirí a bhí frithghníomhach cheana i measúnacht scagtha.

Déanann an tsaotharlann scagtástálacha le haghaidh marcóirí víreasacha do na ranna éagsúla i SFAÉ, lena n-áirítear deontóirí smeara, deontóirí gaschille, deontóirí croíchomhla agus samplaí ó na cláir thástála i leith rianadh faighteoirí.

## DIAGNÓISIC

Soláthraíonn na saotharlanna diagnóisice seirbhísí tagartha imdhíona-haemaiteolaíochta agus réamhbhreithe d'ospidéil ar fud an náisiúin.

Cuimsíonn na seirbhísí seo

- Soláthar fola feinitíopáilte
- Soláthar fola trasmheaiteáilte do chásanna deacra agus d'ospidéil atá gan saotharlanna fuilaistriúcháin
- Imscrúdú fadhbanna antashubstainte
- Imscrúdú ar imoibrithe fuilaistriúcháin haemalaíocha
- Tíopáil ABO/Rh le fadhbanna tíopála san áireamh
- Imscrúdú ar Thástálacha Díreacha Frithghlóbailin atá dearfach (othair)
- Imscrúdú ar Ainéime Uath-imdhíonach Haemalaíoch
- Imscrúdú ar Ghalar Haemalaíoch na Naíonán Nuabhreithe (HDN)
- Cosc ar HDN trí ghnáth-Scagthástáil Réamhbhreithe do thoirchis i mbaol (lena n-áirítear cainníochtú Frith-D agus toirtmheascadh antashubstaintí atá suntasach go cliniciúil)
- Soláthar fola oiriúnaí ag seoladh, i gcás toirchis i mbaol
- Comhairle eolaíochtúil do chomhghleacaithe ospidéil
- Feinitíopáil sínte d'othair atá ag brath ar fhuilaistriúchán

Chomh maith leis na seirbhísí tagartha thuas, rialaíonn na saotharlanna diagnóisice, freisin, eisiúint na dtáirgí pláitíní uile (lena n-áirítear CMV diúltach, orduithe ionradaithe, táirgí oiriúnacha réamhbhreithe) agus eisiúint táirgí deargchille sainsoláthair (lena n-áirítear CMV diúltach,

ionradaithe, réamhbhreith-oiriúnach).

Glacann na saotharlanna diagnóisice páirt i gcláir inniúlachta inmheánacha agus seachtracha (UK NEQAS) le haghaidh imscrúduithe antashubstainte deargchille agus Cainníochtú Frith-D. Soláthraíonn IARM seirbhís thrasmheaitseála agus thagartha do roinnt ospidéal i réigiún na Mumhan nach bhfuil a saotharlanna diagnóisice féin acu.

## COMHPHÁIRTEANNA FOLA

Tá saotharlanna na gcomhpháirteanna fola freagrach as gach deonachán fola a phróiseáil. Scagtar gach deonachán chun leocaicítí a bhaint as agus próiseáiltear é chun comhdhlúthúcháin deargchille, cótaí buí le haghaidh táirgeadh pláitíní taiscthe agus roinnt plasma do tháirgeadh crióidheascán taiscthe a tháirgeadh. Coinnítear, freisin, stoc teoranta plasma nuareoite.

Táirgtear roinnt saintáirgí, a oireann d'úsáid nuabhreithe, ar bhonn iad a bheith déanta ar ordú. Le linn 2006 tionscnaíodh tionscadal a thabharfadh leath-uathoibriú isteach le haghaidh comhpháirteanna fola. Cuireadh tús freisin le cleachtadh leathan mapáil phróisis.

## SAOTHARLANN NÁISIÚNTA TAGARTHA UM HISTEA-CHOMHOIRIÚNACHT AGUS IMDHÍON-GHÉINEOLAÍOCHT (NHIRL)

Soláthraíonn an tsaotharlann náisiúnta tagartha seo raon cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla a ceapadh chun tacaíocht a thabhairt do na cláir aistriúcháin gaschille allaighéinéiche haemaiteapóití (HSCJ) ag Ospidéal Nmh. Séamas agus ag Ospidéal Mhuire do Leanaí Tinne, Cromghlinn. Tíopálann an tsaotharlann gach othar agus deontóir i leith HLA (idir iadsan atá gaolta agus neamhghaolta) roimh fhuilaistriú, chun cuidiú le roghnú na ndeontóirí.

Úsáideann an tsaortharlann modhanna móilíneacha amháin, ar nós PCR-SSO agus PCR-SSP, chun na géintí a chódaíonn na móilíní HLA a shainmhíniú. Ag éirí as an nuatheicneolaíocht feabhsaithe seo, tá tíopáil ann de thaifeach níos airde, de ghéire níos fearr agus de shainaithint ailléile HLA breise. Soláthraíonn an tsaotharlann freisin, seirbhís tástála imdhíon-ghéineolaíochta do staidéir faoi ghalarbhainteacht, do Chlárlann Smeara Neamhghaolmhair agus Pláitíní na hÉireann (IUBMAR) agus le himscrúdú saotharlainne a dhéanamh ar thrombaicítipéine alla-imdhíonach.

Rinne an tsaotharlann roinnt staidéar i gcomhar le hospidéil na hÉireann chun ról na ngéinte HLA i so-ghabhálacht ghalair a léiriú. Ina theanntasan soláthraítear, freisin, seirbhís imdhíonacht phláitíní chun imscrúdú séireolaíochta a dhéanamh ar thrombaicítipéine alla-imdhíonach réamhbhreithe (NAITP), corcra iaraistriúcháin (PTP), athraonachas pláitíní, trombaicítipéinte alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha díobhálacha aistriúcháin. Déanann an tsaotharlann anailís staitistiúil agus foilsíonn sí sonraí minicíochta de dhaonra na hÉireann. Tá clár fairsing um dhearbhú cáilíochta, freisin, ag an tsaotharlann, agus creidiúnaíodh ar dtús í ag an gCónasc Eorpach um Imdhíon-ghéineolaíochta (EFI) i 2001.

Tháinig méadú 40% ar líon na samplaí a tarchuireadh chuig an NHIRL ó 1999 i leith. Ba é an treocht ba shuntasaí ar fad ná an buaiclíon scrúduithe neamhghaolmhara a rinneadh ar dheontóirí – méadú 62% ar 2005. Ina theanntasan, bhí méadú suntasach ar líon na dtíopálacha ardtaifeacha HLA le haghaidh HSCT agus staidéar galarbhainteach, agus tíopálacha HPA le haghaidh imscrúdú NAITP.

Thionscain NHIRL an t-algartam Matchmaker HLA i mí Aibreáin chun cuidiú le haithint na bpláitíní a bhí HLA-mheaitseáilte go cuí d'othair le hathraontacht pláitíní alla-imdhíonacha. Tá feinitíopáil HPA curtha i gcrích ag an tsaotharlann anois ar gach painéal pláitínfhiréiseach NBC reatha agus tá na deontóirí gníomhacha tíopáilte i leith HLA-A, B chun pláitíní meaitseáilte a sholáthar. Sainaithníodh cúig ailléilí nua sa tsaotharlann i 2006 – B*5711, B*5524, B*4449, A*2461 agus DRB1*1374.

## SAOTHARLANN UM THÁSTÁIL AIGÉID NÚICLÉIGH

Cuireann an tsaotharlann um Thástáil Aigéid Núicléigh (NAT) teicneolaíocht cheannródaíoch ar fáil do na cleachtais fhuilscagtha reatha, trí theicneolaíocht ardtástála Aigéid Núicléigh a chomhcheangal le córas uathúil aonfheadáin. Ceaptar na teicneolaíochtaí scagtha atá ann faoi láthair chun croí-antashubstaintí nó aintiginí

dromchlacha a aimsiú. Ach, fágann na táscairí ionfhabhtaíochta seo mionriosca iarmhartach i leith tarchuir galair. Aimsíonn NAT leibhéil an-ísle RNA víreasach nach mbeadh inaimsithe, b'fhéidir, leis na measúnachtaí séireolaíochta reatha.

Tástálann saotharlann NAT gach deonachán le cabhair Mheasúnacht Chiron Procleix HIV-1/HCV. Is córas measúnachta cáilíochtúil in vitro um thástáil aigéid núicléigh é seo, chun víreas easpa imdhíonachta daonna tíop 1 agus/nó víreas Heipitíteas C RNA a aimsiú i bplasma daonna. Tá an mheasúnacht seo an-íogair agus sainiúil i leith aigéid núicléacha víreasacha, agus tá sí in ann ionfhabhtaíocht a aimsiú níos luaithe ná na modhanna scagtha eile, agus an idirthréimhse a laghdú dá réir. Coinnítear sampla cartlainne de gach deonachán.

Tá sé fíor-tábhachtach go gcoscfaí traséilliú laistigh den tsaotharlann féin agus, freisin, idir samplaí próiseáilte, chun go mbeadh rath ar thástáil NAT.

Tástáladh sa tsaotharlann gach deonachán a bailíodh i 2006, agus ní raibh aon ghá an plean tástála teagmhasach atá ag SFAÉ le Seirbhís Fuilaistriúcháin Náisiúnta na hAlban a agairt. Tá an tsaotharlann NAT rannpháirteach in dhá chlár oilteachta, ceann amháin a scaip an National Institute for Biological Standards and Control sa RA agus an dara ceann ag VQC-Acrometrix san Ísiltír.

Tá an tsaotharlann NAT páirteach, freisin, i gclár QA (EDC net) a sholáthraíonn an National Serology Reference Laboratory (NRL, an Astráil) a bhfuil meas ceannródaí domhanda air. Is Lárionad Comhoibrithe den WHO é NRL, agus soláthraíonn a chláir um Dhearbhú Cáilíochta meicníocht a chuireann ar chumas na saotharlanna monatóireacht a dhéanamh ó lá go lá ar cháilíocht a gcuid próiseas tástála. Reáchtálann an tsaotharlann Scéim Oilteachta Inmheánach, trína ndéantar measúnú ráithiúil ar chumas gach oibreora an mheasúnacht HIV-1/HCV Procleix a dhéanamh, agus tá clár monatóireachta don phróiseas staitistiúil i bhfeidhm. Ina theanntasan, tá an tsaotharlann NAT rannpháirteach i Scéimeanna Seachtracha um Mheasúnú Cáilíochta (EQAS):-


a) Painéal Oilteachta HCV-RNA an Fhorais Náisiúnta um Chaighdeáin agus Rialú Bitheolaíochta (NIBSC).

b) Painéal Oilteachta HIV – 1 RNA an NIBSC

## SEIRBHÍSÍ OSPIDÉIL

Is í roinn seirbhísí na n-ospidéal an nasc riachtanach sa slabhra idir na hospidéil agus SFAÉ, agus tá siadsan freagrach as dáileadh sábháilte slán na dtáirgí uile a scaoiltear le haghaidh chóireáil othar. I 2006, tionscnaíodh athbhreithniú ar an bhfeidhm iompair agus dáileacháin.

| TÁIRGE | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| Cealla Dearga & Lánfhuil | 138,540 | 139,314 |
| Pláitíní – Dáileoga Teiripeacha | 20,355 | 19,777 |
| Plasma Reoite | 707 | 455 |
| Octaplas | 25,425 | 24,880 |
| Plasma Criólaghdaithe | 1,143 | 291 |
| Criódheascán | 1,984 | |
| Fachtóir VIIA (x IU) | 519,600 | 424,080 |
| Frith-Throimbin III (x IU) | 48,376 | 79,850 |
| Athchuingreacht Fhachtóir VIII (x IU) | 22,641,750 | 21,031,000 |
| Fachtóir Von Willebrand (x IU) | 478,500 | 543,000 |
| Athchuingreacht Fhachtóir IX (x IU) | 8,570,370 | 10,970,280 |
| Próthroimpléacs (x IU) | 537,600 | 459,600 |
| Fachtóir XIII | 7,500 | 9,750 |



Mar chuid dá córas bainistíochta onnghníomhach um shláinte agus sábháilteacht, chuir SFAÉ measúnuithe riosca i gcrích i ngach roinn i 2006. Rinneadh seo chun comhall rialaithe a chinntiú agus chun réimsí a shainaithint inar féidir le SFAÉ an cleachtas is fearr a fhorfheidhmiú i mbainistiú sláinte agus sábháilteachta.

# Forbairt na ndaoine do sheirbhís na todhchaí

Aithníonn SFAÉ go mbraitheann an próiseas maidir le soláthar fola níos sábháilte a sheachadadh chuig othair sna hospidéil, ar fhlaithiúlacht ár ndeontóirí agus ar dhíograis agus thiomantas ár bhfostaithe. Glacann an fhoireann acmhainní daonna páirt sa phróiseas seo, trí straitéis acmhainní daonna a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú, le haidhmeanna agus cuspóirí soiléire a aithníonn gur príomhacmhainn dár gcuid í an fhoireann i seachadadh seirbhís ardchaighdeáin.

Trí phróisis earcaíochta atá tráthúil agus comhsheasmhach, agus trí straitéis dhírithe oiliúna agus forbartha, tá sé mar aidhm againn na daoine cearta, leis na hoilteachtaí cearta, a bheith ag obair dúinn i bhfoirne tras-ildisciplíneacha. Beidh eiteas an bhuanfheabhsaithe á chothú mar sprioc againn, tacaíocht á tabhairt againn dó feasta, agus ról tábhachtach ag an bhfoireann AD ann.

Forchóiríodh go hiomlán an oiliúint ionduchtaithe do nuabhaill foirne i 2006, agus tionscnaíodh Clár Treoshuímh Chorparáide (CTC) athfhorbartha a bhí cuimsitheach. Reachtáiltear an clár seo thar dhá lá go leith agus pléann sé le gach polasaí éigeantach agus le hoiliúint sláinte agus sábháilteachta do na nuabhaill foirne. I 2006, d'fhreastail gach nuabhall foirne ar CTC, agus d'fhreastail roinnt den fhoireann reatha, nach bhfuair an oiliúint uile is gá, ar na modúil ábhartha. In iomlán, d'fhreastail 117 ball foirne ar CTC i 2006.

Mar chuid den athbhreithniú ar an bpróiseas deonacháin, thosaigh 11 ball foirne clinice creidiúnú FETAC Leibhéal 5, a chuimsíonn féithpholladh agus scagadh deontóirí, agus creidiúnú FETAC Leibhéal 7 d'oiliúint Ceannairí Foirne. Tionscnaíodh bainistiú feidhmíochta foireannbhunaithe ar bhonn tionscadail phíolótaigh.

Chríochnaigh 500 ball foirne cúrsa bunriachtanas an Dea-phróisis Dhéantúsaíochta (GMP).

Chríochnaigh an fhoireann a bhí páirteach i seirbhísí ospidéil, in iompar agus i seachadadh, modúil a chumhdaigh Dea-Chleachtas Dáileacháin (GDP).

### SLÁINTE CEIRDE

Is í straitéis SFAÉ, seirbhís fhorásach sláinte cheirde a sholáthar atá bunaithe ar chosc gortaithe agus tinnis, trí phróisis a bheidh comhtháite go hiomlán leis an gcóras bainistíochta sláinte agus sábháilteachta.

Le linn 2006 thairg SFAÉ sraith imeachtaí cothaithe sláinte, lena n-áirítear feachtais feasachta faoi scor ón tobac, feasacht faoi ailse agus feasacht faoi dhiaibéiteas. Tairgeadh sraith clár faoi scor ón tobac san ionad oibre, do bhaill foirne ag an leibhéal náisiúnta.

Thairg SFAÉ vacsaínithe fliú do gach ball foirne le linn shéasúr an fhliú agus ghlac 15% d'fhoireann SFAÉ páirt sa chlár vacsaínithe. Chuir SFAÉ síneadh, freisin, le clár vacsaínithe in aghaidh Heipitíteas B chun cumhdach a thabhairt do gach ball foirne a fhéadfadh a bheith nochta don víreas.

### CLÁIR SÁBHÁILTEACHTA AGUS SLÁINTEACHAIS TIONSCAIL

Sonraítear sláinteachas tionscail mar eolaíocht atá tiomanta do réamh-mheas, aithint, measúnú agus rialú aon strus comhshaoil san ionad oibre a fhéadfadh a bheith ina ábhair tinnis d'oibrithe nó don mhórphobal.

Déanann SFAÉ monatóireacht agus measúnú ar imeachtaí, chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá le measúnú sláinteachais cheirde. D'fhéadfaí a chur san áireamh i nguaiseanna dá shórt, nochtadh féideartha do ghala ceimiceacha nó do thorann, neamhoird struis atriallacha, láimhsiú agus eirgeanamaíocht an ionaid oibre.

## MEASÚNUITHE RIOSCA

Mar chuid de chóras bainistíochta onnghníomhach um shláinte agus sábháilteacht, chuir SFAÉ measúnuithe riosca i gcrích i ngach roinn i 2006. Rinneadh seo chun comhall rialaithe a chinntiú agus chun réimsí a shainaithint inar féidir le SFAÉ an cleachtas is fearr a fhorfheidhmiú do bhainistiú sláinte agus sábháilteachta.

## EIRGEANAMAÍOCHT AN IONAID OIBRE

Le linn na bliana, cuireadh 31 measúnacht eirgeanamaíochta san ionad oibre i gcrích. Comhairlíodh an fhoireann faoin eirgeanamaíocht cheart do stáisiúin oibre, d'fhonn an fhéidearthacht maidir le gortuithe eirgeanamaíochta a laghdú.

Tá clár ríomhfhoghlama píolótach á fhorbairt ag SFAÉ lena chinntiú go dtugtar oiliúint don fhoireann uile maidir le measúnachtaí eirgneamaíochta na stáisiún oibre a chomhlánú agus teagmhas na ngortuithe eirgneamaíochta a laghdú go honnghníomhach. Tá oiliúint curtha ar fáil ag SFAÉ, freisin, do roinnt bhall foirne chun feidhmiú mar Mheasúnóirí VDU sna lárionaid réigiúnacha ar leith.

## LÁIMHSIÚ

Éilíonn Ráiteas Sábháilteachta Tuismitheora an SFAÉ ar an bhfoireann uile oiliúint a ghlacadh i láimhsiú. Reáctáladh sraith cúrsaí oiliúna i láimhsiú le linn na bliana. Beidh oiliúint i láimhsiú mar chuid den chlár ionduchtaithe ag SFAÉ feasta.

## OILIÚINT AGUS OIDEACHAS I SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Lean SFAÉ dá clár cuimsitheach sábháilteachta agus sláinte. Tairgeadh tríocha cúrsa sláinte agus sábháilteachta i 2006 agus d'fhreastail 640 fostaí de chuid SFAÉ orthu.

## CUMARSÁÍD

I measc phríomhchuspóirí 2006 bhí, straitéisí a fhorbairt do chumarsáid agus chuntasacht níos éifeachtaí i leith dualgas agus freagrachtaí sláinte agus sábháilteachta, guaiseanna san ionad oibre, beartas agus gnáthamh sábháilteachta agus saincheisteanna eile atá bunaithe ar shláinte agus ar shábháilteacht, mar atá:

- Coistí Sláinte agus Sábháilteachta a bhunú do cheantair áitiúla.
- Faisnéis sláinte agus sábháilteachta a scaipeadh ar gach lárionad réigiúnach.
- Rannphháirtíocht na lárionad réigiúnach a spreagadh i leith Sheachtain Sláinte agus Sábháilteachta bhliantúil SFAÉ.
- An líon cúrsaí sláinte agus sábháilteachta atá ar fáil d'fhoireann SFAÉ a mhéadú.
- Tuairisciú don fhoireann faoi thionscnaimh agus nuashonruithe forbartha a bhaineann leis an gclár sláinte agus sábháilteachta. Nuashonraí míosúla a thabhairt don fhoireann faoi staitisticí taisme/ teagmhais.

## AN COISTE STIÚRTHA NÁISIÚNTA UM SHLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Bhunaigh SFAÉ Coiste Stiúrtha um Chomhsaol, Sláinte agus Sábháilteacht i 2006.

Tá sé ar cheann d'aidhmeanna an choiste stiúrtha a chinntiú go sainaithnítear go cuí na costais agus na tairbhí i leith CSS, agus go gcuirtear san áireamh iad i ngach togra ábhartha faoi chaiteachas caipitiúil. Déanann an coiste monatóireacht, freisin, ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí agus spriocanna CSS a aimsiú.

## CLÁR NA DTUAIRISCÍ FAOI GHORTÚ I DTIMPISTÍ/DTEAGMHAIS

I 2006 thionscain SFAÉ nuachlár tuairiscthe ar thimpistí/theagmhais. Is é cuspóir an chláir nuashonraithe, a chinntiú go bhfuil faisnéis iomlán, cruinn á fáil ag SFAÉ maidir le timpistí agus teagmhais, sa dóigh gur féidir a minicíocht a laghdú.




Cuirtear feabhsúchán leanúnach i gcrích ar fud SFAÉ ar roinnt bealaí éagsúla agus go háirithe tríd an gCóras um Bainistiú Cáilíochta.

# Dearbhú Cáilíochta

## Cultúr buanfheabhsaithe

Caochlaíodh an comhshaol rialaithe maidir le táirgeadh fola agus comhpháirteanna fola ó tugadh isteach treoir an AE i leith cáilíocht agus sábháilteacht fola daonna agus comhpháirteanna fola, le hIonstraim Reachtúil 360 de 2005. Faoin réimeas nua rialaithe seo, tá comhchaighdeán á thabhairt isteach do na forais fola uile ar fud an AE.

Rinne Bord Míochaine na hÉireann (BMÉ), an tÚdarás Inniúil um Fhuil agus Fíochán in Éirinn, 4 iniúchadh chuimsitheacha ar áiseanna SFAÉ i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath le linn 2006. Chomh maith le comhall na nDea-Chleachtas Déantúsaíochta (GMP), rinne BMÉ scrúdú ar SFAÉ mar fhoras fola, faoi riachtanais IR360 de 2005 – (Rialúcháin um Cháilíocht agus Sábháilteacht Fola Daonna agus Comhpháirteanna Fola). Thug BMÉ ceadúnas do SFAÉ mar Fhoras Fola ar an 14ú Iúil 2006. Ba é cinneadh BMÉ gur comhlíonadh na rialúcháin go sásúil.

Chuir SFAÉ iarratas faoi bhráid BMÉ i nDeireadh Fómhair 2006, faoi IR158 de 2006 (Rialúchán um Cháilíocht agus Sábháilteacht Ceall agus Fíochán Daonna), ar cheadúnas mar Fhoras Fíocháin le haghaidh Fuil Chorda, Fíochán Súílí agus táirgí Cardashoithíocha Daonna.

Cuirtear feabhsúchán leanúnach i gcrích ar fud SFAÉ ar roinnt bealaí éagsúla agus go háirithe tríd an gCóras um Bainistiú Cáilíochta. Baineadh seo amach trí rialuithe athrúcháin agus neamhchomhaill a fheidhmiú, óir éiríonn gníomhaíocht choisctheach agus coigeartaithe, freisin as scrúduithe intí.

Le linn 2006, feidhmíodh 324 rialú athrúcháin ag leibhéal náisiúnta SFAÉ. Bhain siad seo le cúrsaí chomh héagsúil le, seoladh teicneolaíochtaí/tástálacha nua ar nós tástála le haghaidh sifilise, táirgí priónscagtha le haghaidh trialacha cliniciúla, seoladh ualaí-mheascóirí nua ag clinicí, uasghráduithe bogearraí agus athbhreithniú ar an bpróiseas deonacháin.

Ag an leibhéal áitiúil árdaíodh 419 rialú athrúcháin ag IARM agus 405 ag LNF. Bhain siad seo, ach go háirithe, le hathruithe/feabhsuithe do SOPs laisigh den Chóras um Bainistiú Cáillíochta, ach chuimsigh siad freisin athchló suntasach a tugadh isteach ar an ionradaitheoir ag IARM d'fhonn táirge níos comhsheasmhaí a chinntiú, agus tugadh teicneolaíocht QASAR isteach ag LNF chun cabhrú le SFAÉ tástáil chorránceallach intí a dhéanamh.

Ós saincheisteanna iad na neamhchomhaill a éiríonn, de réir a sainnithe, as neamhchloí le próiseas nó gnáthamh, soláthraíonn siad deis chun feabhsúcháin a dhéanamh. Trí anailís phréamhchúise, imscrúdaítear na saincheisteanna, d'fhonn bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm agus atarluithe a sheachaint. Trí chruinnithe rialta cáilíochta ag an dá ionad, coinnítear an bhéim ar neamhchomhaill mhóra agus ar threocht na neamhchomhall uile.

Le linn 2006, ardaíodh 891 neamhchomhall sa LNF agus ardaíodh 703 in IARM. D'fhéadfadh athghairmeacha a bheith ann mar thoradh ar an gcóras neamhchomhaill, ach éiríonn siad go


príomha as eolas a fhaightear ó dheontóirí tar éis dóibh deonachán a thabhairt.

Bhí thart ar 55% de na haisghairmeacha a tionscnaíodh i 2006 coisctheach ó nádúr, sa mhéid gur eascair siad as eolas a fuarthas ó dheontóirí tar éis dóibh deonachán a thabhairt. Thionscain IARM 83 aisghairm in iomlán i 2006, agus tháinig 256 aisghairm ón LNF. Bhí faisnéis amhrasta faoi bhaictéir ar an dara mórchúis aisghairme i 2006. Ba de nádúr coisctheachta iad seo, tríd is tríd.

Cinntíonn bailíochtú gach córais chriticiúil GMP, sula dtugtar isteach i SFAÉ é, go bhfuil na teicneolachtaí nua/uasghrádaithe téagartha. Feidhmíodh 120 plean bailíochtaithe in iomlán i rith na bliana, agus 133 plean bailíochtaithe a bhain le rialú athrúcháin. Fad a leanann na feabhsúcháin, mar sin, déanaimid cinnte trí chomhall cGMP, go bhfeidhmítear athruithe trí mhodheolaíocht atá rialaithe, doiciméadaithe agus géilliúil.

Déanann SFAÉ, freisin, monatóireacht leanúnach ar a hoibríocht trí iniúchadh neamhspleách ar an bhfeidhm um Dhearbhú Cáilíochta. I 2006, rinneadh 38 iniúchadh inmheánach a chlúdaigh imeachtaí sa raon ó oibríochtaí clinice go próiseáil agus tástáil táirgí, agus seoladh táirgí chuig custaiméirí.





Gheobhaidh formhór mór na n-othar nach bhfuil deontóir siblíneach acu deontóirí cuí-mheaitseáilte ar phainéil deontóirí smeara na hÉireann nó idirnáisiúnta.

# Feabhsú torthaí na n-othar

Tá SFAÉ páirteach i roinnt eile imeachtaí, seachas soláthar fola agus táirgí fola, a mbíonn tionchar díreach laethúil acu ar othair. Tá an Chlárlann Náisiúnta um Smior Neamhghaolmhar, Banc Fola Corda Dhírithe na hÉireann, an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais agus an Aifiréis Theiripeach lonnaithe i SFAÉ. Reáchtálann SFAÉ seirbhís bhaincéireachta fíocháin, agus stórálann sí fíocháin chardashoithíocha agus shúilí thar ceann na n-ospidéal. Tá seachadadh na seirbhísí seo fíor-riachtanach do chóireáil agus téarnamh an-chuid othar.


## CLÁRLANN SMIOR NEAMHGHAOLMHAR NA HÉIREANN

Bunaíodh Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (IUBMR) i 1989 chun painéal de dheontóirí deonacha a sholáthar d'othair Éireannacha agus idirnáisiúnta a bhfuil trasphlandáil gascheall de dhíth orthu, mar theiripe leighis do riochtaí urchóideacha haemaiteolaíochta áirithe ar nós leoicéime agus do mhí-oird áirithe mheitibileacha atá orthu ó oidhreacht. Gheobhaidh formhór mór na n-othar nach bhfuil deontóir siblíneach acu deontóirí cuí-mheaitseáilte ar phainéil deontóirí smeara Éireannacha nó idirnáisiúnta.

Go dtí seo d'éascaigh IUBMR 190 trasphlandáil. Ar an 190 trasphlandáil seo, bhí 160 othar Éireannacha agus 30 othar Idirnáisiúnta.

I 2006 d'éascaigh an chlárlann 14 trasphlandáil thar ceann othar Éireannach (13) agus Idirnáisiúnta (1). As an 14 trasphlandáil, ba thrasphlandálacha smeara 10 gcinn,

**TRASPHLANDÁLACHA A D'ÉASCAIGH IUBMR 1996-2006**



trasphlandálacha gascheall fola imeallach 3 chinn agus trasphlandáil fuil chorda 1 cheann amháin


## CREIDIÚNÚ CLÁRLAINNE

Tá IUBMR clannaithe le Cumann Domhanda na nDeontóirí Smeara (WMDA), eagraíocht a shocraíonn na caighdeáin oibriúcháin do chlárlanna smeara. I 2006, chuir IUBMR iarratas ar chreidiúnú faoi bhráid Chumann Domhanda na nDeontóirí Smeara. Tá thart ar 60 clárlann gascheall ann ar fud an domhain agus, má éiríonn leis, beidh clárlann na hÉireann ar cheann de naoi gclárlann a bhfuil creidiúnú faighte acu.

## BANC HPC-C

Éascaíonn Banc HPC-C bailiú agus crióchaomhnú deonachán dírithe HPC-C. Is gá go mbeadh an HPC-C i gceist do shiblín an naíonáin nuabhreithe, a bhfuil bail air/uirthi a mbeadh trasphlandáil gaschealla ina chóir leighis di. Is gá go n-iarrfadh máinlia trasphlandála smeara go mbaileofaí an t-aonad fola corda. Le linn 2006 bailíodh 14 aonad HPC-C agus próiseáladh iad.

AONAID HPC-C 1997 - 2006




## AIFIRÉIS THEIRIPEACH

Is seirbhís í an aifiréis theiripeach a sholáthraíonn SFAÉ d'ospidéil i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Tá comhairleoir haemaiteolaíochta as SFAÉ ina bun, agus tá sé á bainistiú agus á cur ar fáil ag altraí atá oilte i ngnáthaimh aifiréise teiripí. Is seirbhís shoghluaiste í agus iompraítear trealamh chuig an ospidéal chun cóireáil a thabhairt le taobh leaba an othair. Cuimsíonn na gnáthaimh a thugtar:


- Malartú Plasma
- Leoicealaghdú
- Malartú Deargcheall
- Ídiú Deargcheall
- Ídiú Pláitíní

| CINEÁL GNÁTHAIMH | LÍON GNÁTHAMH |
|---|---|
| Malartú Plasma | 578 |
| Ídiú Pláitíní | 1 |
| Malartú deargcheall | 2 |
| Leoicealaghdú | 2 |
| **Iomlán Gnáthamh** | **583** |

Léiríonn an tábla thuas an cineál gnáthaimh agus an líon gnáthamh a rinneadh leis an tseirbhís aifiríse teiripí ón dá ionad.

Bhí malartú plasma i gceist le 99% de na gnáthaimh uile. Bhí méadú 8.1% ar an líon gnáthamh a rinneadh i 2006 thar líon na bliana roimhe sin.

## GNÁTHAIMH DE RÉIR OSPIDÉIL





## GNÁTHAIMH DE RÉIR OSPIDÉIL

Glactar le hiarratais ó na hospidéil uile i gceantair Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus measúnaítear gach cás ar leith le haghaidh cóireála. Tháinig 26.25% acu ó SVUH, 24% ó AMINCH, 8.06% ó Ospidéal Mater, 0.87% ó SVPH agus Chorcaigh, 34.5% ó CUH agus 5.68% ó MUH, agus 0.7% ó ospidéil eile.

## RANGÚ GNÁTHAMH

Cuirtear seirbhís ghlaodhualgais ar fáil ag deirí seachtaine agus déantar roinnt gnáthamh lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre chun freastal ar riachtanais othar. Rangaítear cásanna, mar sin, i 4 chatagóir: Éigeandáil, Práinneach, Roghnach agus Cothabháil.

## CÁSANNA DE RÉIR RANGAITHE




## ANAILÍS GNÍOMHAÍOCHTA

I 2006, b'ionann iomlán na gcásanna éigeandála/

| LÍON GNÁTHAMH | AICMÍ | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Éigeandáil | Práinneach | Roghnach | Cothabháil |
| **583** | 42 | 327 | 92 | 122 |

práinne a rinneadh ag deirí seachtaine/saoirí bainc agus 14.4% den ghníomhaíocht.

## AN OIFIG NÁISIÚNTA HAEMAFHAIREACHAIS

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) i 1999, agus sna sé bliana ó 2000/2005 tuairiscíodh don ONH 1044 frithghníomh/ teagmhas aistriúcháin trom díobhálach.

Le linn 2006, tháinig Treoir Fola 2002/98/CE an AE agus Treoir 2005/61/CE an Choimisiúin i bhfeidhm, á leagan síos go bhfuil sé éigeantach frithghníomhartha agus teagmhais a bhaineann le cáilíocht agus sábháilteacht comhpháirteanna fola a thuairisciú. Le linn 2006, dhírigh an ONH ar chuidiú a thabhairt d'ospidéil géilleadh don riachtanas seo le clár fairsing náisiúnta cuairteanna ar ospidéil, laethanta oscailte intí, rannpháirt i gcruinnithe oideachais agus faisnéise, Ceardlanna Eolais maidir le Treoir an AE, á n-eagrú idir SFAÉ agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus trí Chomhairle Bhliantúil an ONH. Reáchtáladh "Haemafhaireachas – Dúshlán Threoir an AE" i bPort Laoise i nDeireadh Fómhair, 2006.

Chuimsigh léiriúcháin ag an gComhdháil, míniú ó Ms. Marcia Kirwan, ONH, ar an méid atá sa Lámhleabhar Haemafhaireachais agus a ceapadh chun cabhrú le tuairisciú teagmhas Haemafhaireachais. Thug Ms. Mairéad Sheahan, ONH, sonraí maidir le frithghníomhartha intuairiscthe, agus thug Ms. Jackie Sweeney, ONH, forbhreithniú ar chríochnú an Fhógra Bhliantúil i dtaobh Frithghníomhartha Troma Díobhálacha, rud atá riachtanach faoin Treoir. Shainaithin Ms. Hazel Reid ó Ospidéal Ginearálta Chiarraí na himpleachtaí oiliúna a bhaineann le Treoir an AE. Chuir an Dr. Emer Lawlor, Stiúrthóir an ONH, Tuarascáil Bhliantúil 2005 an ONH i láthair.

Thug an Dr. Ellen McSweeney, Comhairleoir Haemaiteolaíochta SFAÉ, forbhreithniú ar Haemafhaireachas Deontóra in Éirinn agus léirigh Ms. Marina Cronin, ONH, torthaí a taighde ar oideachas agus ar an dóigh a n-aimsíonn daoine eolas.

D'fheidhmigh an Dr. Maeve Leahy, Comhairleoir Haemaiteolaíochta, Ospidéal Réigiúnach an Mheániarthair mar mholtóir ar an gcomórtas póstaer agus thug Ms. Martina O'Connor, Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, Mr. John Sheehy, Ospidéal Ollscoil Chorcaí agus Ms. Sheila Joyce, Ospidéal Réigiúnach Luimnigh, léirithe, freisin.

Leanadh den tionscnamh oideachais le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) d'oibrithe cúram sláinte a bhfuil spéis acu i gcleachtas haemafhaireachais, leis na dá mhodúl forbartha gairme "Tuiscint agus Bainistiú Fuilaistriúchán i gComhthéacs Haemafhaireachais", agus "Haemafhaireachas: Altranas Fuilaistriúcháin", a bhí lán-suibscríofa.

Léiríodh torthaí an Tionscadail Neastimpistí i dTeagmhais Neastimpiste a bhain le Fuilaistriúcháin, maoinithe ag SFAÉ, ag Saotharlann Neastimpistí UK SHOT i Samhain 2006, agus ghlac foilseachán fuilaistriúcháin idirnáisiúnta, Vox Sanguinis, le páipéar a bunaíodh ar na torthaí, agus atá le foilsiú.

### ATHBHREITHNIÚ OIFIGE AN ONH

Ar iarratas ón Roinn Sláinte agus Leanaí rinne an Dr. Paul Strengers, Seirbhís Fuilaistriúcháin na hOllóine agus Gréasán Haemafhaireachais na hEorpa [EHN], forbhreithniú ar oibríochtaí haemafhaireachais na hÉireann le linn chuairt trí lá in Iúil 2006. Chuimsigh seo athbhreithniú iomlán ar oibriú an ONH agus, lena linn, scrúdaigh an Dr. Strengers réimsí ar nós oibríochtaí agus forbairt cleachtais, agus bhí cruinnithe aige le Bainistíocht shinsearach SFAÉ, agus le hionadaithe BMÉ agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. Rinne an ONH, freisin, iniúchadh ar bhainistiú teagmhas agus inchur sonraí. Príomhghné eile den scrúdú ab ea cuairteanna ar, agus agallaimh le, hoifigigh haemafhaireachais ospidéalbhunaithe (HVOs) in ospidéil éagsúla.



Is é sprioc Phróiseas Athbhreithnithe na nDeonachán,
‘nach nglacfaidh sé ach uair an chloig amháin de do chuid ama chun bheith mar chuid d’fhoireann neamhghnách.’

# Ár rathúlacht a thomhas

Mar chuid den phróiseas deonacháin, scaipeadh ceistneoir mionsonraithe ar roinnt clinicí, d'fhonn measúnú bunlíne a fháil ó dheontóirí faoin dóigh ina n-oibríonn clinicí. D'fhéach an ceistneoir le heolas a fháil ar na leibhéil sásaimh a bhaineann le roinnt saincheisteanna mar:

- Seirbhís fhoriomlán
- Amanna feithimh
- Uaireanta oscailte clinicí
- Ionad

Aischuireadh 777 foirm chomhlánaithe i leith freastail ar chlinicí deontóra. Tugann siad eolas faoi uaireanta freastail agus an t-am a chaitear i gclinicí SFAÉ. Rinneadh anailís ar thoradh 400 suirbhé custaiméara a comhlánaíodh. Bhí tuairimí nó moltaí i 134 freagra ó dheontóirí.

## SEO SAMPLAÍ DE NA TUAIRIMÍ SIN:

'Tabhair moladh d'fhoireann SFAÉ as a gcúirtéis agus a ngairmiúlacht san obair a dhéanann siad'

'An fhoireann fíorchairdiúil agus fáilteach, tá sin an-tábhachtach'


'Rinne an fhoireann an eachtra an-taitneamhach'

'Ba mhaith dá mbeadh uaireanta oscailte níos lua ann do dhaoine ar sealobair'

'Giorraigh an t-am feithimh, uaireanta oscailte difriúla'


'Tionscain córas ciúála uimhrithe agus cuir ar taispeáint é le go dtuigfidh deontóirí a n-ionaid sa scuaine'

Bhí an scór is airde ag ceisteanna faoi ghairmiúlacht agus chairdiúlacht na foirne, agus an scór is ísle ag ceisteanna faoi amanna feithimh agus uaireanta oscailte na gclinicí.



## SUIRBHÉ FAOI SHÁSAMH DEONTÓIRÍ

Is tagarmharc an suirbhé seo lena ndéanfar measúnú ar na hathruithe a tugadh isteach tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar an bpróiseas deonacháin.






Tharla go raibh an téacsáil mar bhealach cumhachtach cumarsáid spriocaimsithe ag sainghrúpaí deontóra.

# Seachadadh na teachtaireachta


Tá SFAÉ go fóill ag forbairt a chaidrimh le Vodafone Ireland. Is comhpháirtíocht uathúil thorthúil í seo do SFAÉ. I 2006, d'fhoilsigh Vodafone a dtuarascáil faoi fhreagracht shóisialta chorparáideach, agus cuireadh béim ar an tseirbhís téacsála do dheontóirí.

D'aontaigh Vodafone Ireland leanúint dá dtacaíocht don tionscadal seo sa trí bliana atá romhainn, ag bronnadh milliún téacs sa bhliain ar SFAÉ. Ciallaíonn seo go bhféadfaidh SFAÉ suas le 20,000 téacs a chur chuig deontóirí gach seachtain. Le linn na Samhna, thit an stoc O-dearfach agus taispeántar go soiléir sa tábla thíos tionchar an fheachtais téacs, atá spriocdhírithe ar dheontóirí O-dearfacha, chun freastal ar an easnamh.

Don chéad uair riamh chuaigh SFAÉ i gcomhar le Cumann Ailse na hÉireann, an carthanas náisiúnta um chúram ailse, chun iarraidh ar bhreis daoine a bheith ina ndeontóirí pláitíní. Is comhpháirteanna fola iad pláitíní a bhfuil ionad riachtanach acu sa chóireáil le haghaidh ailse.

De réir mar a fheabhsaítear an chóireáil le haghaidh ailse, tagann méadú leanúnach ar an éileamh ar phláitíní. Thar na 5 bliana atá caite tháinig méadú 50% ar an éileamh ar phláitíní in Éirinn, go háirithe toisc an líon nuachásanna ailse agus an líon daoine atá ag fáil ceimiteiripe. Bíonn 22,000 deonachán pláitíní de dhíth ar SFAÉ gach bliain chun freastal ar an éileamh seo. Ar an meán, eisíonn SFAÉ thart ar 90 aonad pláitíní in aghaidh an lae (500 aonad in aghaidh na seachtaine) d'ospidéil na hÉireann agus úsáidtear 90% acu seo i gcóireáil othar le hailse.

**ANAILÍS TÉACS AR O-DEARFACH SHAMHAIN 2006**



Comhpháirteanna fola atá sna pláitíní agus tá siad fíor-riachtanach chun cuítheachtadh fola a éascú. Go minic déanann an chimiteiripe dochar do chealla smeara an othair, mar a dhéantar na pláitíní, agus bíonn an t-othar tugtha don uathfhuiliú. Mar sin de, bíonn othair le hailse, go háirithe othair le leoicéime, ag brath go minic ar aistriúcháin pláitíní nuair a bhíonn ceimiteiripe á tabhairt dóibh. D'fhéadfadh othar le leoicéime atá ag fáil ceimiteiripe, mar shampla, bheith ag iarraidh idir 4 agus 10 aistriúchán pláitíní in aghaidh na seachtaine. D'fhéadfadh suas le 60 aonad pláitíní a bheith de dhíth ar othar atá ag fáil aistriúchán smeara. Diagnóisítear thart ar 380 cás nua leoicéime gach bliain.

D'fhonn freastal ar an éileamh ar aistriúcháin pláitíní in Éirinn, bailíonn SFAÉ pláitíní ar dhá dhóigh: trí chomhthiomsú agus aifiréis. Próiseáiltear pláitíní comhthiomsaithe ó dheonacháin lánfhola. Is gá go mbeadh ceithre dheonachán lánfhola ann chun dáileog amháin pláitíní a tháirgeadh d'othair. Cineál speisialta deonacháin atá in aifiréis, a scarann na pláitíní ón gcuid eile den fhuil le linn an deonacháin. Bailíonn deonachán aifiréise an oiread céanna pláitíní leo siúd a chomhthiomsaítear ó 8-12 deonachán lánfhola.

Tá SFAÉ ag iarraidh teorainn a chur le nochtadh na n-othar don iliomad deontóirí; is fearr pláitíní a bhailiú trí aifiréis d'fhonn an táirge is sábháilte a sholáthar don othar. Níl ach saolré cúig lá ag pláitíní comhthiomsaithe agus is féidir fad a chur le saolré pláitíní aifiréise ó chúig go seacht lá.

Faoi láthair, ní bhailítear trí aifiréis ach thart ar 40% de na pláitíní a sholáthraítear d'ospidéil na hÉireann, agus tá sé d'aidhm ag SFAÉ, i gcomhar le Cumann Ailse na hÉireann, thart ar 2,000 deontóir nua pláitíní a earcú d'fhonn soláthar 100% de phláitíní aifiréise a bheith ann laistigh den 3 bliana romhainn.

## DÁMHACHTAINÍ AGUS AITHEANTAS – DÁMHACHTAINÍ DEONTÓRA

Gach bliain, eagraíonn SFAÉ roinnt searmanas dámhachtana ar fud na tíre chun aitheantas a thabhairt do bhronntanas luachmhar na ndeontóirí a thugann fuil. Is gné de na searmanais seo, braon órga a bhronnadh ar dheontóirí 50 uaire nó peileacán poirceallánach ar dheontóirí 100 uaire.

Go minic tugtar cuireadh chun labhartha d'fhaighteoirí fola agus táirgí fola, chun a scéalta a insint agus chun go luafaidh siad an t-ardmheas atá acu ar thabhartas na ndeontóirí.

Reáchtáladh searmanais dámhachtana i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, san Oirdheisceart, san Oirthuaisceart agus san Mheániarthar. Bronnadh braon órga ar 695 deontóir i leith caoga deonachán agus peileacán poirceallánach ar 74 deontóir i leith céad deonachán.

# Forfheidhmiú an chleachtais is fearr i mbainistiú dramhaíle

## Ghlac an Coiste Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíle leis na prionsabail um bainistiú dramhaíle seo a leanas:

- Cosc
- Íoslaghdú
- Athúsáid
- Athchúrsáil
- Aisghabháil Fuinnimh
- Diúscairt

I.B.T.S
WASTE MANAGEMENT


## Thionscain an Coiste, freisin, an oifig gan ghabhdán agus d'éirigh thar barr léi.

Bunaíodh Coiste Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíle chun scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar an dóigh ina riarann SFAÉ a cuid dramhaíle. Tá ceannairí Glasfhoirne earcaithe ag an gCoiste i ngach lárionad réigiúnach chun feasacht chomhshaoil a chothú agus aiseolas a sholáthar don Choiste ar thionscnaimh um bainistiú dramhaíle a bheadh infheidhmithe ag an leibhéal náisiúnta.

Forfheidmíodh roinnt tionscnamh cheana féin. Reáchtáil SFAÉ comórtas lógó chun na tionscnaimh a bhrandáil agus d'éirigh le lógó a bhí imeasc an 35 a thairg baill foirne. Tá glasfhoirne sainaitheanta ag SFAÉ i ngach lárionad ar leith agus reáchtáladh lá glas náisiúnta. D'éirigh leis an gCoiste prionsabail ghlasa a chur chun cinn i mbeartas an tsoláthair, agus spreagann sé cruinnithe gan pháipéar.

Tá forbairt déanta ag an gCoiste ar Bheartas um Bainistiú Dramhaíle SFAÉ, agus tá iniúchtaí déanta aige ar dhramhaíl chliniciúil agus neamhchliniciúil, araon. Rinne baill den Choiste, freisin, staidéar carachtrachta ar dhramhaíl, féachaint an bhfuil an dramhaíl a chruthaítear á scaradh i gceart agus go héifeachtach d'fhonn méid na dramhaíle a chuirtear chuig láithreán líonta talún á laghdú. Thionscain SFAÉ an oifig gan ghabhdán le haghaidh dramhaíle neamhchliniciúla i Márta 2006. Féach an tábla thíos do thorthaí an bheartais seo.

**DRAMHAÍL GHINEARÁLTA CHUIG LÁITHREÁN LÍONTA TALÚN**



# Airgeadas

| AIRGEADAS | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 101,790 | 101,137 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 390 | 270 |
| Ioncam Iomlán | 102,180 | 101,407 |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Caiteachas Iomlán | 99,955 | 96,330 |
| Barrachas don bhliain | 2,225 | 5,077 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar an scéim phinsin | 314 | (4,051) |
| Aistriú chuig Cúlchiste Caipitil | - | (5,000) |
| Aistriú chuig Cúlchiste Taighde | (752) | - |
| Cúlchiste carnach ag 1ú Eanáir | 2,166 | 6,140 |
| Cúlchiste carnach ag 31ú Nollaig | 3,953 | 2,166 |

## IONCAM

Bhí ioncam iomlán de €102.1 milliún ag an mBord i 2006 (€101.4 milliún i 2005) agus miondealaítear é mar ioncam aisfhillteach agus ioncam neamh-aisfhillteach.

Is ionann an t-ioncam aisfhillteach agus fáltas a gineadh ó tháirgí agus ó sheirbhísí a cuireadh ar fáil d'ospidéil agus arbh fhiú €101.7 milliún iad (€101.1 milliún i 2005). Níor mhéadaigh an Bord a phraghasanna i 2006 ó leibhéil 2005; mar sin, is as breis gníomhaíochta a tháinig gach méadú. Ní bhfuarthas aon mhaoiniú díreach le linn 2006 ón Roinn Sláinte agus Leanaí i leith an chaiteachais a tabhaíodh ar an gclár Heipitíteas C.

Cuimsíonn ioncam neamh-athfhillteach i 2006, ús a gnóthaíodh ar thaiscí bainc agus ar fháltais as sócmhainní seasta a dhíol.

## CAITEACHAS

Bhí caiteachas iomlán de €99.9 milliún ann i 2006, méadú de €3.6 milliún ar 2005. Bhain an caiteachas méadaithe i rith na bliana, go príomha, le forfheidhmiú na gcomhaontuithe náisiúnta pá san eagraíocht agus le costais dímheasa bhreise, de bharr infheistíocht bhreise i sócmhainní le blianta beaga anuas. Ina theanntasan, díscríobhadh suim de €730,000 le linn 2006 i leith eProgesa, arbh uasghrádú é ar ár gcóras bainistíochta fola.

Tugadh isteach caighdeán tuairiscthe airgeadais a 17, 'Tairbhí Scoir' (FRS 17), i Samhain 2000. Ach, ba é rogha Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, a dualgais pinsin a thuairisciú fós faoi SSAP 24, Cuntas a Thabhairt ar Chostais Phinsin, agus tionchar FRS 17 a nochtadh sna nótaí leis na ráitis airgeadais. Forfheidhmíodh FRS 17 go hiomlán don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2005, agus tugann an Bord cuntas anois ar phinsin de réir FRS 17.

Le linn na bliana chinn an Bord ar chúlchiste taighde a bhunú. Aistríodh €750,000 chuig an gciste seo don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006. Tá cúlchiste Caipitil, freisin, ag an mBord le háiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Aistríodh €5 milliún chuig an gciste seo sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005.

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

Infheistíodh €3.4 milliún i dtionscadail chaipitiúla le linn 2006. Rinneadh na príomhinfheistíochtaí i bhfeabhsú na gcóras teicneolaíocht faisnéise, agus go háirithe i seoladh córas bainistíochta ríomhdhoiciméid a chosain €1.24m in iomlán. Tá an tionscadal sa siúl i gcónaí, agus níor caipitlíodh é go fóill. Le linn 2006, áfach, caitheadh €250k breise ar an tionscadal eProgesa, agus de bharr buandeacrachtaí teicniúla, cuireadh an tionscadal ar fionraí. I measc caiteachais eile bhí ascnamh eilimintí iarmharacha dár gcórais theicneolaíochta go Windows XP, uasghrádú ár n-áitreabh, agus infheistiú suntasach de €1.42m i dtrealamh chun tacú le gníomhaíochtaí eagraíochtúla atá leanúnach.

## CÓRAIS AIRGEADAIS

Le linn na bliana forfheidhmíodh uathchóras darb ainm Transfere, le haghaidh éileamh agus próiseáil costais taistil agus cothabhála, ar fud na heagraíochta. B'fhorbairt shuntasach é seo chun an próiseas agus na rialuithe atá laistigh den roinn airgeadais a fheabhsú ar bhonn leanúnach.

## REACHTAÍOCHT UM ÍOC PRAS

Comhlíonann an Bord riachtanais na Reachtaíochta um Íoc Pras, ach amháin sa mhéid a luaitear thíos. An gnáthchreidmheas a ghlacann an Bord, seachas má sonraítear a mhalairt sna sainsocruithe conartha, ná 30 lá ó dháta an tsonraisc nó ón am a dhearbhaítear go bhfuarthas na hearraí nó seirbhísí atá le híoc. Is é polasaí an Bhoird, a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2006, faoi théarmaí na reachtaíochta infheidhmithe, bhí 363 sonrasc in iomlán, de luach €2,318,390, 50 lá mall ar an meán. B'ionann na sonraisc seo agus 2.6% de réir lín agus 2.95% de réir luacha, de na híocaíochtaí uile a rinneadh le soláthróirí ar earraí agus seirbhísí le linn na bliana. Íocadh ús €12,613 in iomlán i leith na n-íocaíochtaí malla uile. Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a ghnáthaimh riaracháin, d'fhonn an t-am a chaitear ag fiosrú agus ag réiteach sonrasc a íoslaghdú.

# Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil, de réir na mbeartas agus an chleachtais a bhfuil gnáthghlacadh leo. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus Leanaí.

D'fhreastail an Bord ar cheardlann faoi Rialachas Corparáideach ar an 16ú Bealtaine 2006, chun feidhmíocht sa réimse seo a athbhreithniú. Ag deireadh na ceardlainne rinneadh roinnt cinntí maidir le feidhmiú ghnó an Bhoird agus na réimsí a dtabharfar aghaidh orthu sa bhliain atá romhainn. Tugadh geallúint, freisin, go n-athbhreithneofar feidhmíocht sa réimse seo ar bhonn rialta.

## COMHALL AN CHÓID CLEACHTAIS UM RIALACHAS COMHLACHTAÍ STÁIT

Tá an Bord tiomanta do chomhall fhorálacha ábhartha an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i 2001.

D'athbhreithnigh Bord SFAÉ tuairiscí faoi rialuithe inmheánacha i rith na bliana, agus rinneadh athbhreithnithe rialta, freisin, ar thuairiscí Bhord Míochaine na hÉireann maidir le rialuithe feidhmíochta agus comhaill agus bainistiú rioscaí. Leanfaidh an Bord ag athbhreithniú na dtuairiscí seo agus ag obair go dlúth le BMÉ chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

## CÓRAS OIBRE AN BHOIRD

Tá dhá chomhalta déag ar an mBord, lena n-áirítear Cathaoirleach neamhfheidhmeannach a cheap an tAire Sláinte agus Leanaí.

Tagann an Bord le chéile go míosúil. Faigheann gach comhalta faisnéis chuí thráthúil chun cabhrú leis an mBord a chuid dualgas a chomhlíonadh. Glacann an Bord cuíchomhairle ghairmiúil neamhspleách, de réir mar is gá.

Tá struchtúr coistí curtha ar bun ag an mBord chun cabhrú le comhlíonadh éifeachtach a chuid dualgas.

## COISTE COMHAIRLEACH MÍOCHAINE

Tá an Coiste Comhairleach Míochaine comhdhéanta de chomhaltaí Boird atá cáilithe i gcúrsaí leighis agus an fhoireann chomhairleach míochaine, agus tagann sé le chéile go míosúil. Tá sé d'fheidhm aige monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse an aistriúcháin mhíochaine agus réimsí gaolmhara, eolas a thabhairt don Bhord faoi aon fhorbairtí dá shórt, agus an Bord a chomhairliú faoi ghníomhaíocht chuí.

## COISTÍ AIRGEADAIS

Bhuail an Coiste Airgeadais le chéile cúig uaire le linn na bliana agus tá triúr comhaltaí Boird air. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta air, freisin. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar ní ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na

buiséid bhliantúla caipitil agus oibriúcháin, cuntaisí bainistíochta, árachas, soláthar, beartas cistíochta, caiteachas caipitiúil, cleachtais chostála agus socruithe baincéireachta agus maoinithe. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i dtaobh tuairiscí bainistíochta agus airgeadais agus tugann sé comhairle faoi chinnteoireacht ábhartha. Feidhmíonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmeálta.

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Bhuail an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire le linn na bliana agus tá triúr comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách seachtrach amháin air. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine, an Stiurthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, an Cuntasóir Bainistíochta agus an tIniúchóir Inmheánach air. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar ní ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, na beartais chuntasaíochta, comhall na gcaighdeán cuntasaíochta agus impleachtaí cuntasaíochta na n-idirbhearta móra. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun torthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais an Bhoird a athbhreithniú. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta faoi théarmaí tagartha foirmeálta.

## CLÁRLANN RIOSCAÍ

Sainaithníonn an chlárlann rioscaí na rioscaí straitéiseacha, cliniciúla, airgeadais agus oibriúcháin atá ann don eagraíocht, agus na rialuithe láithreacha agus gníomhartha breise is gá chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú i gcás riosca.

Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an Grúpa Athbhreithnithe Gnó an chlárlann rioscaí ar bhonn rialta, lena chinntiú gur rioscaí agus rialuithe reatha iad na cinn a shainaithnítear, go sainaithnítear rioscaí atá nua nó á nochtadh, agus go bhfuil bearta rialaithe i bhfeidhm.

## GNÓ LEANTACH

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na stiúrthóirí go bhfuil leoracmhainní ag SFAÉ chun bheith ag feidhmiú go hoibríochtúil sa todhchaí intuartha. Chuige seo, is é an gnóthas leantaigh a ghlacann siad mar bhonn i gcónaí nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

## RIALÚ INMHEÁNACH

Tá na comhaltaí Boird freagrach as rialú inmheánach SFAÉ, agus as a éifeachtúlacht a athbhreithniú. Tá córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird comhdhéanta de na rialuithe a ceapadh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le:

- Sócmhainní a chosaint in aghaidh úsáid nó claonadh neamhúdaraithe, agus
- Cuíthaifid cuntasaíochta agus faisnéis airgeadais iontaofa a choinneáil in úsáid san eagraíocht.

Is iad na príomheilimintí de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird:

- Córas cuimsitheach um thuairisciú airgeadais
- Buiséad Bliantúil a réitítear agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird, agus monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht in aghaidh buiséad
- Struchtúr airgeadais atá léirshainithe
- Cuíscaradh dualgas
- Léirtheorainneacha údaráis do chaiteachas caipitiúil agus athfhillteach, faofa ag an gCoiste Airgeadais
- Príomhphróisis airgeadais atá lándoiciméadaithe i ngnáthaimh scríofa
- Stocáirimh mhíosúla ag baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann stórais
- Fíorú íocaíochta ar shonraisc soláthróirí ag baill foirne shinsearacha atá neamhspleách ar fhoireann na gcuntas iníoctha
- Seiceálacha fíoraithe agus rialuithe pasfhocail ag an gcóras airgeadais
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Na duilíní seolta uile d’eisiúint na dtáirgí a

bheith meaitseáilte lena sonraisc chuí chun a chinntiú go lánbhilleáiltear imeachtaí uile an Bhoird

- Gach ordú ceannaigh a bheith sínithe ag an oifigeach ceannaigh
- Sonraí stoic á bhforéileamh le huathordú
- Gach sonrasc neamhstoic a bheith sínithe agus códaithe ag bainisteoirí buiséid
- Gach sonrasc stoic a bheith meaitseáilte go neamhspleách le GRN an stórais.

Is feasach don Bhord gur ceapadh an córas rialaithe inmheánaigh chun bainistiú, agus ní díothú, a dhéanamh ar an mbaol go dteipfeadh orainn ár gcuspóirí gnó a bhaint amach. Ní thig le rialú inmheánach ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráitis nó caillteanais ábhartha.

## RÁITEAS FAOI DHUALGAIS CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Éilíonn an tOrdú um Bord na Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunaíocht) 1965, go n-ullmhódh an Bord ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais, a thugann, de réir dlí agus caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe na hÉireann, dearcadh fíor cothrom maidir le staid chursaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus a hioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ní mór don Bhord:

- Cuíbheartais chuntasaíochta a roghnú agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Aon imeacht ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach sa chás gur míchuí a réamh-mheas go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann i mbun gnó.

Tá an Bord freagrach as cuíleabhair chuntasaíochta a choinneáil, a léiríonn le cruinneas réasúnta ag am ar bith, staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## MEMBERS OF THE BOARD

**MS MAURA MCGRATH** Athcheaptha mar Chathaoirleach ar feadh 3 bliana 01.09.06
**MR DAVID KEENAN** Athcheaptha 22.09.06
**MR DAVID LOWE** Athcheaptha 01.12.06
**MR SEAN WYSE**
**MS JANE O'BRIEN**
**AN DR MARY CAHILL**
**AN DR CEES VAN DER POEL** Athcheaptha 01.06.06
**AN DR ROB LANDERS** Ceaptha 12.06.06
**AN DR MARGARET MURRAY** Ceaptha 01.09.06
**MS MARGARET MULLETT** Ceaptha 01.09.06
**MR GERRY O'DWYER** Ceaptha 01.09.06
**MR MARK MORAN**

**MR TONY MCNAMARA**
Ceapachán éagtha 31.05.06
**AN DR MARY HORGAN**
Ceapachán éagtha 31.05.06
**AN DR LIZ KEANE**
Ceapachán éagtha 19.04.06
**AN DR MELANIE COTTER**
Ceapachán éagtha 24.05.06

## INIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós an Chaisleáin Íochtarach
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## ATURNAETHA

McCann Fitzgerald Aturnaetha
Cois Abhann a hAon
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

## BAINCÉIRÍ

Banc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

# Sonraí Teagmhála

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**LÁRIONAD NÁISIÚNTA FOLA**
Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8
t: 01 4322800
f: 01 4322930
r: info@ibts.ie
www.ibts.ie
aertel p691
Eolaslíne deontóra 1850 731 137

**LÁRIONAD FUILAISTRIÚCHÁIN NA MUMHAN**
Ospidéal Nmh. Fionnbarra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh
t: 021 4807400
f: 021 4313014

**CLINIC DEONTÓIRÍ FOLA BHAILE ÁTHA CLIATH**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01 4745000

**CLINIC DEONTÓIRÍ FOLA STIGH LORGAN**
6 Sean-Bhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

**IONAD BHAILE ÁTHA FHIRDHIA**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co Lú
t: 041 6859994
f: 041 6859996

**IONAD CHEATHARLACH**
Eastát Tionsclaíoch Bhaile Chearnáin
Bóthar Bhaile Haicéad
Ceatharlach
t: 059 9132125
f: 059 9132163

**IONAD LUIMNIGH**
Ascal Chloch Chéatainn
Páirc Gnó an Ráithín
Luimneach
t: 061 306980
f: 061 306981

**IONAD THUAMA**
Aonad 49
Páirc Gnó N17
Tuaim
Co na Gaillimhe
t: 093 70832
f: 093 70587

# Nótaí

# Nótaí

**AN LÁRIONAD NÁISIÚNTA FOLA**
Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8
t: 01 4322800
f: 01 4322930
r: info@ibts.ie
www.ibts.ie
aertel l.691
Eolaslíne deontóra 1850 731 137

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann